Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2023
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0108(COD)**

**10482/23**
**ADD 1 REV 2**

**CODEC 1093**
**CYBER 156**
**JAI 830**
**COPEN 205**
**ENFOPOL 292**
**TELECOM 195**
**EJUSTICE 25**
**MI 511**
**DATAPROTECT 164**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a thabhairt ar aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus forghníomhú pianbhreitheanna coimeádta tar éis imeachtaí coiriúla **.(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**<u>Ráiteas ón nGearmáin</u>**

1. Formheasann Rialtas Cónaidhme na Gearmáine an leagan deiridh den Rialachán maidir le horduithe Eorpacha chun fianaise a thabhairt ar aird agus orduithe caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí choiriúla (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta), toisc go soláthraíonn sé tacar uirlisí a bhfuil géarghá leo chun coireanna a bhaineann úsáid as na meáin dhigiteacha a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí.

2. Ag an am céanna, is oth leis an Rialtas Cónaidhme nach bhfuil an tsoiléireacht is gá sna haithrisí maidir le láimhseáil na bhforas maidir le diúltú. Forchuirtear dhá oibleagáid leis an smacht reachta ar an údarás a dtugtar fógra dó: nach mór dó, ar thaobh amháin, scrúdú a dhéanamh ar na horduithe chun fianaise a thabhairt ar aird a tharchuirtear chuige agus, ar an taobh eile, má chomhlíontar na coinníollacha ábhartha, na forais maidir le diúltú a bhaineann le cosaint chearta daoine aonair a agairt mar a leagtar amach in Airteagal 12. Go háirithe, má chomhlíontar coinníollacha an fhorais sin maidir le diúltú ar bhonn cearta bunúsacha, atá fós an-chúng, níor cheart aon deis a bheith ann cinneadh lánroghnach a dhéanamh. Bheadh sé úsáideach foclaíocht níos soiléire maidir leis sin a bheith in aithrisí 62 *et seq.*

3. Ina theannta sin, ó thaobh an smachta reachta de, tá sé fíor-riachtanach gur ann do chosaint dhlíthiúil ní hamháin ar orduithe chun fianaise a thabhairt ar aird sa stát eisiúna, ach lena chois sin ar orduithe caomhnaithe sa stát forfheidhmiúcháin. Is oth leis an Rialtas Cónaidhme nach bhforáiltear go sainráite in Airteagal 18 ach don chéad dá ghné den chosaint dhlíthiúil, ach measann sé go bhféadfaí cosaint dhlíthiúil chuimsitheach a bheith cumhdaithe leis an bhfoclaíocht.

4. Ar deireadh, measaimid go bhfuil an fhoclaíocht a úsáidtear in aithris 53 (léiriú ar an gcritéar maidir le cónaí), a bhaineann leis an rún lonnú i mBallstát ar leith, ródhoiléir. Níl ann ach 'nochtadh' neamhshainithe maidir leis an rún lonnú i mBallstát ar leith, rud a fhágann gur féidir a lán bríonna éagsúla a bhaint as, agus ar an dóigh sin leathnaítear go míchuí raon feidhme an chritéir maidir le cónaí. Go praiticiúil, d'fhéadfadh sé go dtabharfaí líon níos lú fógraí mar thoradh air sin ná mar a bheadh iomchuí i bhfianaise na réasúnaíochta atá taobh thiar den Rialachán.

**Ráiteas ón gCróit**

Cuireann Poblacht na Cróite in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le glacadh an Rialacháin maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a thabhairt ar aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus forghníomhú pianbhreitheanna coimeádta tar éis imeachtaí coiriúla ('an Rialachán').

Leanann Poblacht na Cróite de chur in iúl go síoraí seasta go bhfuil sí míshásta leis an leagan Cróitise de na tograí reachtacha ina mbaintear úsáid as coibhéis ar leith den téarma Béarla 'cyber', agus de na focail a dhíorthaítear uaidh, sna leaganacha Cróitise de na gníomhartha dlí[1]. Tar éis dianchomhairliúcháin, thángthas ar chomhthuiscint maidir leis an tsaincheist i mí na Bealtaine 2023 le hArdrúnaíocht na Comhairle a mbeadh feidhm aici i ngach gníomh dlí nua de chuid na Comhairle a fhaigheann an Stiúrthóireacht um Cháilíocht na Reachtaíochta le haghaidh athbhreithniú dlítheangeolaíoch, amhail ón 1 Meitheamh 2023, maidir le gníomhartha dlí a bheidh le glacadh ag an gComhairle.

Shíl an Chróit go mbeadh an tuiscint sin léirithe sa leagan Cróitise den Rialachán seo agus aird á tabhairt ar thábhacht an Rialacháin seo mar bhunghníomh dlí i réimse na r-fhianaise in imeachtaí coiriúla agus, dá bhrí sin, mar chéim chun cinn i dtreo chomhchuibhiú na téarmaíochta faoi seach. Ar an drochuair, is cosúil nach amhlaidh atá agus go bhfuil an deis caillte.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Cróite gur glacadh an ionstraim reachtach seo, chun na sásraí comhair maidir le bailiú fianaise a oiriúnú don ré dhigiteach, go háirithe nuair a stóráiltear na sonraí ábhartha i dtríú tíortha.

**Ráiteas ón Ungáir**

Tá an Ungáir tiomanta go hiomlán don chomhrac in aghaidh na coireachta agus ba dhíol sásaimh di ionstraim éifeachtach lena gcuirtear an ceartas coiriúil chun cinn agus lena n-urramaítear cosaint na gceart bunúsach ag an am céanna. Mar sin féin, ní féidir linn glacadh le haon tagairt d'Airteagal 7 CAE sa Rialachán, fiú san aithris. Ní raibh an tagairt d'Airteagal 7 CAE mar chuid den chur chuige ginearálta a ghlac an Chomhairle, níor tugadh isteach í ach ar iarratas ó Pharlaimint na hEorpa agus feicimid go bhfuil sé díobhálach d'éifeachtacht an bhirt nua agus, ina theannta sin, do phrionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh, ar a bhfuil sé bunaithe. Dá réir sin, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin.

[1] Is é 'kibernetički' an téarma coibhéiseach a úsáidtear i reachtaíocht na Cróite ach is é 'kiber-' an téarma a úsáidtear sa Rialachán.

## Ráiteas ón bPolainn

Ó thús na caibidlíochta, thacaigh an Pholainn go hiomlán le cuspóirí an phacáiste r-fhianaise, a ionchorpraíodh go hiomlán sa chur chuige ginearálta a ghlac an Chomhairle. Mar sin féin, na leasuithe a glacadh ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa, baineann siad an bonn go hiomlán d'éifeachtacht na mbeart a tugadh isteach. Ar an gcúis sin, ní mór don Pholainn a chur in iúl go bhfuil sí ag cur i gcoinne ghlacadh an Rialacháin maidir le r-fhianaise agus na Treorach maidir le r-fhianaise.

Leis an bhforas atá beartaithe chun orduithe a dhiúltú, bunaithe ar na nósanna imeachta polaitiúla dá dtagraítear in Airteagal 7(1) CAE, tugtar isteach léirscaoileadh suntasach ar na forais maidir le diúltú, rud a mbeidh d'éifeacht aige bac a chur ar chomhar in ábhair choiriúla idir na Ballstáit. Tugtar, leis nós imeachta sin, ar chleachtóirí a bhfuil an dlí á chur i bhfeidhm acu a bheith páirteach i measúnú imthosca atá i bhfad os cionn raon feidhme agus chuspóir na n-imeachtaí coiriúla. Trí shásra a cheapadh lena gcuirfear ar chumas údaráis na mBallstát measúnú a dhéanamh ar shárú tromchúiseach féideartha ar cheart bunúsach, cuirtear isteach, gan údar, ar inniúlachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach sna Conarthaí iad.

I bhfianaise struchtúr caibidlithe deiridh fhorálacha an Rialacháin maidir le horduithe Eorpacha chun fianaise a thabhairt ar aird agus orduithe caomhnaithe Eorpacha i gcomhair r-fhianaise agus an dlúthnasc leis an Treoir maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun fianaise a bhailiú, tá an Pholainn ag cur i gcoinne ghlacadh an dá ionstraim den phacáiste r-fhianaise.

## Ráiteas ón bhFionlainn

Aithníonn an Fhionlainn cineál athraitheach na coiriúlachta agus an méadú atá tar éis teacht ar an tábhacht a bhaineann le comhar trasteorann chun fianaise leictreonach a fháil go tapa agus go héifeachtach in imeachtaí coiriúla.

Le linn na caibidlíochta, chuir an Fhionlainn i dtreis i gcónaí an gá atá le cothromaíocht cheart a aimsiú idir forfheidhmiú éifeachtach an dlí agus imscrúdú coiriúil agus cearta bunúsacha a chosaint. Ón taobh sin de, tá tábhacht ar leith ag baint leis an sásra um fhógra a thabhairt agus a raon feidhme chomh maith leis na forais le diúltú. Cé gur tháinig feabhas ar an téacs le linn na caibidlíochta, measaimid nach bhfuil an sásra leordhóthanach fós. Creidimid gur cheart do na húdaráis inniúla sa Stát forfheidhmiúcháin measúnú breithiúnach a dhéanamh freisin i ndáil le horduithe chun fianaise a thabhairt ar aird maidir leis na sonraí is íogaire.

Ina theannta sin, is oth leis an bhFionlainn nach n-áirítear sna forais le diúltú foras a cheadódh don údarás forfheidhmiúcháin diúltú d'ordú chun fianaise a thabhairt ar aird le haghaidh sonraí tráchta agus ábhair i gcásanna ina bhfuil úsáid an bhirt sin srianta faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin do chionta áirithe nó do chionta atá inphionóis le tairseach íosta áirithe.